



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 20.7.2011
SEC(2011) 950 leagan deireanach

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialacháin

maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta

{COIM(2011) 452 leagan deireanach}
{SEC(2011) 949 leagan deireanach}

1. CÚLRA

Léirigh tromchúis na géarchéime airgeadais go mbaineann rioscaí do-ghlactha le rialáil reatha na n-institiúidí airgeadais. De réir mheastacháin an CAI, chaill bainc Eorpacha nach mór €1 thrilliún, is é sin 8 % d'olltáirgeacht intíre an AE, idir 2007 agus 2010 de thoradh cúiseanna géarchéime.

Chun cobhsaíocht a athbhunú in earnáil na baincéireachta agus chun a áirithiú go leanfaidh sreabhadh creidmheasa de bheith ag dul isteach san fhíorgheilleagar i gcónaí, ghlac an AE agus na Ballstáit réimse leathan beart úrnua agus is é an cáinócóir a bheidh thíos leo sa deireadh. Sa chomhthéacs sin, faoi mhí Dheireadh Fómhair 2010, bhí bearta stáitchabhrach ab fhiú EUR 4.6 trilliún formheasta ag an gCoimisiún Eorpach (an Coimisiún) d'institiúidí airgeadais agus úsáideadh breis agus EUR 2 thrilliún den mhéid sin sna blianta 2008 agus 2009.

Ní mór leasuithe láidre comhoiriúnacha a thugann aghaidh ar na heasnaimh rialála a tháinig chun solais le linn na géarchéime a bheith ag dul leis an tacaíocht airgeadais a thugtar do na bainc. Chuige sin, mhol an Coimisiún roinnt leasuithe i mí Dheireadh Fómhair 2008 (CRD¹ II) agus i mí Iúil 2009 (CRD III) maidir le rialáil na mbanc. Is é atá sa phacáiste reachtaíochta a ghabhann leis an tuarascáil seo rud ar a dtugtar Basel III, is é sin eilimintí a forbraíodh agus a comhaontaíodh ar bhonn domhanda maidir le caipiteal bainc agus caighdeáin leachtachta. Ghlac seirbhísí an Choimisiúin páirt ghníomhach sa phróiseas forbartha sin thar ceann Bhallstáit uile an AE. Tá an pacáiste á leathnú chun togra a áireamh ann maidir le comhchuíbhiú a dhéanamh ar fhorálacha eile an CRD d'fhonn an Margadh Aonair a neartú agus éifeachtacht na maoirseachta a láidriú. Ní bhaineann an tuarascáil seo ach le measúnú ar thionchar na mbearta a bhfuil tuairisc tugtha orthu thíos.

2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ

Le linn an tionscadail seo ghlac seirbhísí an Choimisiúin páirt san obair a bhí á déanamh ag fóraim idirnáisiúnta, go háirithe in obair Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB), coiste a bhí i gceannas ar bhearta nua beartais a fhorbairt sna réimsí sin a bhaineann le bainistiú ar rioscaí leachtachta agus ar rioscaí creidmheasa an chontrapháirtí, le caipiteal rialaitheach a shainiú agus le comh-thimthriallacht. Bhí baint mhór ag an gCoiste Baincéireachta Eorpach agus ag Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha (CEBS) leis an obair sin agus chuathas i gcomhairle leo go minic le linn an tionscadail.

Chun tacú leis an anailís ar thionchar an phacáiste reachtaíochta seo ar thionscal baincéireachta an AE, rinne Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha staidéar cainníochtúil tionchair. Bhí 246 banc ó 21 tír is baill de Choiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha páirteach sa staidéar, lena n-áirítear 50 banc ó Ghrúpa 1² agus 196 banc ó Ghrúpa 2, is é sin tuairim is 70 % d'earnáil chomhdhlúite baincéireachta an AE ó thaobh caipitil de.

¹ An Treoir um Riachtanais Chaipitil

² Is éard atá i mbainc Ghrúpa 1 na bainc sin a bhfuil caipiteal Leibhéal 1 ar fiú breis agus EUR 3 bhilliún é, agus ar bainc éagsúlaithe iad atá gníomhach go hidirnáisiúnta. Meastar gur bainc de chuid Ghrúpa 2 gach banc eile.

Thug Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha comhairle theicniúil don Choimisiún freisin maidir le comhchuibhiú roghanna agus discrídí náisiúnta.

Reáchtáil seirbhísí an Choimisiúin éisteacht phoiblí i mí Aibreáin 2010 agus ceithre chomhairliúchán phoiblí idir 2009 agus 2011 maidir leis na bearta beartais sa phacáiste reachtaíochta³. Is foinse thábhachtach iad na freagraí a tugadh le linn na gcomhairliúchán ó thaobh sonraí de agus chun léargas a fháil ar dhearcadh na ngeallsealbhóirí maidir le tionchar beart a d'headfadh a bheith ann agus éifeachtacht na mbeart sin. Ina theannta sin, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle go forleathan le lucht an tionscail, lena n-áirítear an Grúpa Saineolaithe ar Shaincheisteanna Baincéireachta, roinnt comhlachas de chuid thionscal baincéireachta an AE agus roinnt banc ar leith.

3. AN FHADHB A SHAINIÚ

3.1. Bainistiú riosca leachtachta

Nocht an ghéarchéim dhomhanda airgeadais go bhfuil easnaimh i mbainistíocht reatha an riosca leachtachta sna hinstiúidí, lena n-áirítear bearta tástála struis agus aisioncronachtaí aibíochta i gcás sócmhainní agus dliteanais. Go sonrach, léiríodh nach sásúil an dóigh a ndéantar an riosca leachtachta a bhainistiú faoi láthair ó thaobh déileáil go hiomlán le rioscaí a bhaineann le hurrúsú le haghaidh tionscnaimh agus dáilte iasachtaí, úsáid ionstraimí casta airgeadais agus le spleáchas ar mhaoiniú mórdhíola a dhéanamh le hionstraimí aibíochta gearrthéarma. Rinneadh toimhdí maidir le leachtacht an mhargaidh sócmhainní agus maidir le hidirghníomhaíocht idir leachtacht an mhargaidh agus leachtacht maoinithe ach tharla go raibh na toimhdí sin míchruinn agus bhí tionchar mór ag iompar instiúidí airgeadais freisin ar thitim amach na géarchéime. Chuir na nithe sin le forléasadh roinnt instiúidí airgeadais⁴ agus chuir siad drochbhail ar roinnt mhaith instiúidí eile, rud a chiallaigh gur cuireadh cobhsaíocht airgeadais i mbaol agus go raibh gá le leibhéal tacaíochta leachtachta nach bhfacthas a leithéid riamh ón earnáil phoiblí agus ón mbanc ceannais. Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2008, mhéadaigh na hiasachtaí a thug an Banc Ceannais Eorpach d'instiúidí creidmheasa an limistéir euro faoi 70 % go breis agus EUR 800 billiún.

Cé go gcuireann roinnt Ballstát caighdeán cainníochtúil rialála de chineál éigin i bhfeidhm maidir le leachtacht, níl aon chóras comhchuibhithe rialála leorshonrach ann ar leibhéal an AE maidir le leibhéal iomchuí leachtachta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a láimhseáil. An éagsúlacht atá ann faoi láthair ó chaighdeán náisiúnta go chéile, cuireann sí isteach ar chumarsáid idir údaráis mhaoirseachta agus leagann sí costais bhreise tuairiscithe ar instiúidí trasteorann.

3.2. Caipiteal a shainiú

Ní raibh go leor caipitil ná caipiteal ar chaighdeán sách ard ag córas baincéireachta an AE nuair a thosaigh an ghéarchéim. Go sonrach, ní raibh roinnt ionstraimí caipitil, agus go háirithe ionstraimí caipitil hibrídeacha⁵ (hibridí), chomh maith is a raibh súil ag margaí agus

³ Féach

⁴ Bear Sterns, Lehman Brothers, Northern Rock, HBOS, Bradford and Bingley

⁵ Is urrúis iad hibridí a bhfuil saintréithe acu a bhaineann le cothramas agus le fiachas.

rialtóirí leis maidir le hionsú cailteanas⁶, buaine⁷ agus an cumas solúbthachta i gcás íocaíochtaí⁸ ar bhonn gnóthais leantaigh. Go deimhin, nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar bhearta athchaipitlithe na mbanc náisiúnta, d'fhorfheidhmigh an beartas ón gCoimisiún maidir le 'comhroinnt dualgas' nach mór d'hibridí san AE a bheith i gcomhréir leis na trí chritéir thuas.

Chomh maith leis sin, léiríodh go raibh liosta na gcoigeartuithe ar chaipiteal rialaitheach neamhiomlán toisc gur aistrigh rannpháirtithe sa mhargadh roinnt ítimí den chlár comhardaithe, amhail leasanna mionlaigh agus sócmhainní cánach iarchurtha, nithe nach bhfuil a gcumas cailteanais a ionsú ar bhonn leanúnach i gcás strus chomh cinnte céanna, d'aistrigh siad ó na cóimheasa caipitil a bhí á dtuairisciú ag institiúidí. Cuireadh bac le hinchomparáideacht agus le hiontaofacht i gcás caipiteal Leibhéal 1 a thomhas toisc nach raibh na coigeartuithe rialála á gcur i bhfeidhm sa dóigh chéanna i ngach Ballstát. Mar gheall air sin, níor léirigh na cóimheasa de chaipiteal Leibhéal 1 a tuairiscíodh cumas na n-institiúidí cailteanais mhéadaitheacha a ionsú. Ar an ábhar sin, bhí ar rialtais tacaíocht ar mhórsála a thabhairt d'earnáil na baincéireachta i gcuid mhór tíortha.

3.3. Riosca creidmheasa contrapháirtí

Léirigh an ghéarchéim gur easnamhach í an dóigh a chaitear faoi láthair, ó thaobh rialála de, le riosca creidmheasa contrapháirtí⁹ a thagann as díorthaigh, as repo¹⁰ agus as gníomhaíochtaí a bhaineann le maoiniú urrús¹¹. Léiríodh nach n-áirithíonn na forálacha reatha go bhfuil bainistíocht iomchuí agus caipitliú leordhóthanach ann don chineál riosca sin. Tá easpa dreasachtaí sna rialacha reatha freisin chun conarthaí díorthach thar an gcuntar a imréitítear go déthaobhach a iompú go cinn a imréitítear go hilaobhach trí chontrapháirtithe lárnacha¹².

3.4. Iasachtú agus comh-thimthriallacht

Éifeachtaí comh-thimthriallacha is ea éifeachtaí a bhfuil claonadh acu treo an timthrialla eacnamaíoch a leanúint agus an timthriall sin a mhéadú. Tá roinnt foinsí idirnasctha ag baint le cineál timthriallach an iasachtaithe a thugann baint agus áirítear ar na foinsí sin teipeanna margaidh agus teipeanna rialála.

Treith de na híoscheanglais chaipitil reatha atá bunaithe ar riosca is ea go n-athraíonn siad le linn an timthrialla eacnamaíoch. Ar choinníoll go bhféadfaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta na ceanglais sin a chomhlíonadh, níl aon léirchosc rialaitheach ar an

⁶ Ní mór don ionstraim a bheith ar fáil chun cailteanais a ionsú, mar ghnóthas reatha agus faoi leachtú, agus chun tacaíocht a sholáthar do chistí na dtaisceoirí más gá.

⁷ Ní mór don ionstraim a bheith ar fáil go buan le nach mbeidh aon amhras ann gur féidir léi tacú le taisceoirí agus le creidiúnaithe eile agus iad faoi strus.

⁸ Ní mór saintréithe a bheith san ionstraim a ligeann gur féidir íocaíochtaí cúpón nó díbhinní a chur siar nó a chur ar ceal go neamhcharnach i gcás struis.

⁹ An baol go bhféadfadh contrapháirtí in idirbheart mainneachtain a dhéanamh sula socraítear go críochnaitheach sreafaí airgid an idirbhirt.

¹⁰ I gconradh repo (comhaontú athcheannaigh), aontaíonn an t-iasachtaí urrús a dhíol le hiasachtóir agus an t-urrús céanna a cheannach ar ais ón iasachtóir céanna ag praghas seasta ar dháta ina dhiaidh sin.

¹¹ Tugtar conradh repo i gcrích chun airgead a fháil ar iasacht nó a thabhairt ar iasacht. Maidir le maoiniú urrús, áfach, is é is aidhm dó urrús a fháil ar bhonn sealadach chun críoch eile amhail suíomhanna gearra a chumhdach.

¹² Aon aonán a thagann idir contrapháirtithe i gconarthaí a thrádáiltear ar mhargadh airgeadais amháin nó níos mó, agus a bhíonn ina cheannaitheoir ag gach díoltóir agus ina dhíoltóir ag gach ceannaitheoir.

méid riosca is féidir leo a ghlacadh ná, mar sin de, ar a ngiaráil chaipitiúil. Toisc nach bhfuil léirchosc den chineál sin ann agus toisc nach bhfreagraíonn ceanglais chaipitil d'fhás riosca ag an macraileibhéal, mhéadaigh ar mhíchothromaíochtaí airgeadais a chuir dlús le cailteanas mhóra creidmheasa agus, nuair a iompaigh an timthriall eacnamaíoch, a spreag bís dhamáisteach díghiarála.

3.5. Roghanna, discrídí agus comhchuibhiú íosta

Sa bhliain 2000, cuireadh an Treoir um Baincéireacht Chomhdhlúite in ionad seacht dtreoir baincéireachta eile. Athmhúnlaíodh an treoir sin in 2006 leis an Treoir um Riachtanais Chaipitil agus tugadh creat Basel II isteach san AE. Mar thoradh air sin, tá roinnt mhaith roghanna¹³ agus discrídí¹⁴ i bhforálacha na Treorach um Riachtanais Chaipitil. Treoir um 'chomhchuibhiú íosta' atá sa Treoir um Riachtanais Chaipitil freisin, a chiallaíonn go bhféadfaidh na Ballstáit rialacha stuamachta níos déine a chur isteach, rud is cúis le cleachtas ar a dtugtar 'rórialáil'.

Mar thoradh air sin, tá cuid mhór éagsúlachta sa dóigh a gcuireann na Ballstáit na rialacha chun feidhme agus sa dóigh a gcuireann na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta iad i bhfeidhm ina dhiaidh sin, rud a chruthaíonn fadhbanna go háirithe do ghnólachtaí a dhéanann oibríochtaí trasteorann. An éagsúlacht sin is cúis le heaspa soiléireachta dlíthiúla agus le míchothrom iomaíochta freisin.

4. CUSPÓIRÍ

Is é príomhchuspóir an tionscnaimh seo a áirithiú go neartófar éifeachtacht na rialála a dhéantar ar chaipiteal bainc agus ar leachtacht san AE agus go gcuirfear srian leis an drochthionchar atá ag an rialáil sin ar mhuintín sna bainc agus ar chomh-thimthriallacht an chórais airgeadais, agus san am céanna staid iomaíochta thionscal baincéireachta an AE a choinneáil mar atá sí. Is ionann sin agus na ceithre chuspóir beartais ghinearálta a leanas:

- Cobhsaíocht airgeadais a fheabhsú;
- Cosaint leasanna taisceoirí a fheabhsú;
- Iomaíochas idirnáisiúnta earnáil baincéireachta an AE a áirithiú;
- Comh-thimthriallacht an chórais airgeadais a laghdú.

5. ROGHANNA BEARTAIS: ANAILÍS AGUS COMPARÁID

Ar an iomlán, rinneadh measúnú ar 27 rogha beartais agus cuireadh iad i gcomparáid lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna éagsúla a sainaitníodh. Sa roinn seo cuirtear na tionchair a cheaptar a bheidh ag bearta beartais i ngach réimse i láthair chomh maith le tionchair channacha an togra ar fad.

¹³ Rogha a thugtar d'údaráis inniúla nó do Bhallstáit maidir le conas foráil áirithe a chomhlíonadh, arna roghnú as raon roghanna.

¹⁴ Rogha a thugtar d'údaráis inniúla nó do Bhallstáit maidir le foráil áirithe a chur i bhfeidhm nó gan í a chur i bhfeidhm.

5.1. Riosca leachtachta

Chun feabhas a chur ar stóinseacht ghearrthéarmach institiúidí airgeadais ó thaobh riosca leachtachta de, tabharfar isteach Cóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR) ó 2015 ar aghaidh, tar éis tréimhse breathnóireachta agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh trína gcuirfear aon leasuithe is gá i bhfeidhm ar chomhdhéanamh agus calabrá an LCR agus chun a chinntiú nach mbeadh aon tionchar gan chall ar an tionscal, ar na margáí airgeadais ná ar an ngeilleagar. Dar leis an sainmhíniú atá ar LCR in Basel III, dá gcomhlíonfaí an ceanglas sin san AE san fhadtarma thiocthadh méadú tuairim is 0.1 % go 0.5 % ar ghlan-olltáirgeacht bhliantúil intíre, toisc go mbeifí ag súil le níos lú géarchéimeanna sistéamacha.

Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna cistithe a bhaineann le haisioncronachtaí aibíochta i gcás sócmhainní agus dliteanas, smaoinoidh an Coimisiún faoi Chóimheas Glanmhaoinithe Cobhsaí (NSFR) a thabhairt isteach. Sula ndéanfar cinneadh maidir le calabrá críochnaitheach an NSFR agus sula leagfar síos gur íoschaighdeán a bheidh ann ó 2018 ar aghaidh, déanfar faireachán forleathan ar an NSFR agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis.

5.2. Caipiteal a shainiú

Leis na tograí déantar na critéir incháilitheachta d'ionstraimí caipitil níos déine do na sraitheanna difriúla de chaipiteal rialaitheach agus déantar mórathbhreithniú ar chur i bhfeidhm choigeartuithe rialála. Maidir le bainc Ghrúpa 1, i ngeall ar choigeartuithe athbhreithnithe rialála tagann laghdú 42 % ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) agus i gcás bainc Ghrúpa 2 tagann laghdú 33 % ar an CET1 sin. Tá na laghduithe sin bunaithe ar choigeartuithe do dhea-thoil, ar infheistíochtaí maoinne in institiúidí airgeadais eile agus ar shócmhainní cánach iarchurtha.

Cuirfear an CET1 nua agus na híoscheanglais do Chaipiteal Leibhéal 1 chun feidhme diaidh ar ndiaidh ón mbliain 2013 agus faoin mbliain 2015 is é 4.5 % agus 6 % a bheidh iontu faoi seach. Déanfar athbhreithnithe ar choigeartuithe rialála idir 2014 agus 2019. Déantar foráil freisin maidir le forálacha marthanachta d'ionstraimí caipitil nach gcomhlíonann na ceanglais nua incháilitheachta a thuilleadh.

5.3. Riosca creidmheasa contrapháirtí

Neartófar na ceanglais maidir le bainistiú agus caipitliú riosca creidmheasa an chontrapháirtí. Cuirfidh na tograí freisin feabhas ar dhreasachtaí chun ionstraimí thar an gcuntar a imréiteach trí chontrapháirtithe lárnacha. Táthar ag súil gur ar na bainc is mó san AE go príomha a bheidh éifeacht ag na tograí sin.

Cuid lárnach d'iarrachtaí an Choimisiúin margáí díorthach éifeachtúla, sábháilte agus iontaofa a áirithiú is ea an t-athbhreithniú ar an dóigh a gcaitear le riosca creidmheasa contrapháirtí, go háirithe cur i bhfeidhm ceanglas níos airde maidir le cistí dílse do chonarthaí díorthach déthaobhacha chun an riosca níos airde a chruthaíonn a leithéid de chonarthaí don chóras airgeadais a léiriú. Déanann an t-athbhreithniú sin comhlánú ar dhreasachtaí rialála eile an Choimisiúin sa réimse seo, go háirithe an togra le haghaidh Rialacháin maidir le díorthaigh thar an gcuntar, maidir le contrapháirtithe lárnacha agus maidir le stórtha trádála, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2010.

5.4. Bearta beartais frith-thimthriallacha

Cuimsítear sna moltaí le haghaidh caipitil mhaolánach caipiteal maolánach caomhnaithe agus caipiteal maolánach frith-thimthriallach. Maidir leis an gcaipiteal maolánach caomhnaithe (CET1) de 2.5 % de shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca, tá sé ceaptha a áirithiú go bhféadfaidh na bainc caillteanais a ionsú le linn tréimhsí struis a fhéadfaidh leanúint ar aghaidh ar feadh blianta. Bheifí ag súil go dtiomargfadh bainc an caipiteal sin agus dea-bhail ar an ngeilleagar. I gcás na mbanc sin nach mbaineann an sprioc mhaolánach amach, cuirfear srianta ar leithdháileadh lánroghnach tuillimh (i.e. íocaíochtaí díbhinní) go mbaintear an sprioc amach.

Tá cuspóir macrastuamachta níos leithne ag an gcaipiteal maolánach frith-thimthriallach, is é sin earnáil na baincéireachta agus an fíorgheilleagar a chosaint ar rioscaí atá ar fud an chórais agus a thagann as forás an chorrtha agus an chliste i bhfás comhiomlán an chreidmheasa. Cuirfear é sin i bhfeidhm trí 2.5 % breise a chur le raon an mhaoláin arna bhunú ag an maolán caomhnaithe.

Molann an Coimisiún freisin cóimheas gearála nach bhfuil bunaithe ar riosca a thabhairt isteach mar chuid den athbhreithniú maoirseachta chun teorainn a chur le carnadh iomarcach gearála ar chláir chomhardaithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus sa dóigh sin cabhrú le srian a chur le timthriallacht iasachtaithe. Déanfar faireachán ar impleachtaí an chóimheasa sula ndéanfar cinneadh faoin gcóimheas a bheith ina cheanglas a bheidh ceangailteach go ginearálta ón 1 Eanáir 2018.

5.5. Leabhar rialacha aonair

Déanann na tograí comhchuíbhíú ar na cineálacha éagsúla cur chuige atá ag náisiúin éagsúla maidir le maoirseacht trí dheireadh a chur le roghanna agus discrídí. Tá díolúine ar fáil i gcás roinnt réimsí sonracha ina bhfuil rórialáil ann mar gheall ar chúrsaí measúnaithe riosca, sainiúlachtaí margaí nó táirgí agus creat dlíthiúil na mBallstát.

5.6. Tionchar carnach an phacáiste

Le cur leis an measúnú a rinne sé féin ar thionchar Basel III, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar roinnt staidéar a d'ullmhaigh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach.

Meastar go méadóidh an pacáiste seo agus an Treoir um Riachtanais Chaipitil III sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca bhainc Ghrúpa 1 faoi 24.5 % ach nach ndéanfaidh sé ach méadú beag 4.1 % i gcás bhainc Ghrúpa 2. I bhfianaise leibhéil chaipiteal bhainc an AE in 2009, meastar go mbeidh gannchion CET1, maidir leis an íoscheanglas nua agus an maolán caomhnaithe a bhaint amach, neamhábharta faoin mbliain 2013, gur EUR 84 billiún a bheidh ann faoi 2015 agus EUR 460¹⁵ billiún faoi 2019. Is ionann sin agus 2.9 % de shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca earnáil na baincéireachta.

Chun am a thabhairt do na bainc níos mó dá mbrabúis a choimeád, éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú, cothromas nua a eisiúint agus céimeanna coigeartaithe riachtanacha eile a dhéanamh, tá idirthréimhse 8 mbliana i gceist leis na ceanglais nua chaipitil. Dar le hanailís a rinne Coiste Basel, an Banc Ceannais Eorpach agus seirbhísí an Choimisiúin, ní bheidh ach

¹⁵ Den fhigiúr sin, tá €37 billiún (arna tomhas i gcaipiteal Leibhéal 1) inchurtha i leith togra CRD III.

tionchar teoranta ag an aistriú go caighdeán níos láidre caipitil agus leachtachta ar an aschur comhiomlán.

Maidir leis an tionchar fadtéarmach ar an ngeilleagar, fuarthas amach le hanailís a rinne Coiste Basel go bhfuil glanbhuntáistí soiléire fadtéarmacha eacnamaíocha ag baint le Basel III. Tugann an anailís sin le tuiscint gurb ionann na glanbhuntáistí eacnamaíocha sin agus méadú bliantúil idir 0.3 % agus 2 % ar olltáirgeacht intíre an AE. Tagann na buntáistí sin as laghdú ar an méid géarchéimeanna sistéamacha a mbeidh súil leo amach anseo agus baintear an leas is mó astu nuair atá CET1 coigeartaithe idir 6 % agus 9 %.

I múnla eile atá forbartha ag an gCoimisiún agus ag lucht acadúil, fuarthas amach go dtiocfadh laghdú idir 29 % agus 89 % ar an dóchúlacht go dtarlódh géarchéim shistéamach bhaincéireachta i seacht mBallstát nuair a athchaipitleofar na bainc go dtí cóimheas iomlán caipitil 10.5 % ar a laghad.

Ina theannta sin, léirigh an anailís a rinne Coiste Basel gur cheart go dtiocfadh laghdú ar aimplitiúid na ngnáth-thimthriallta gnó mar gheall ar cheanglais leachtachta agus caipitil níos airde, lena n-áirítear an caipiteal maolánach frith-thimthriallach. Tá tionchar ar leith aige sin ar FBManna atá ag brath ar mhaoiniú ó na bainc i rith an timthrialla eacnamaíoch.

6. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Meastar go dtiocfaidh na leasuithe atá molta i bhfeidhm in 2013. Agus an dul chun cinn á thomhas maidir le cuspóirí sonracha beartais a bhaint amach, cuideoidh grúpaí oibre Choiste Basel agus an Údarás Eorpaigh Baincéireachta, ar grúpaí iad a dhéanann faireachán ar dhinimic suíomhanna caipitil banc, ar bhonn domhanda agus san AE, faoi seach. Bunóidh an tÚdarás Eorpach Baincéireachta socrúithe speisialta chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar an gcóimheas gearála agus ar na ceanglais nua leachtachta le gur féidir na bearta beartais sin a thabhairt chun críche in am trátha.